



Dialann mhóire

Nuachtlitir Chomharchumainn Dhún Chaoin • Nollaig 2009

Comharchumann Forbartha Dhún Chaoin

Tá an Comharchumann gníomhach ag feidhmiú sa pharóiste le roinnt blianta anois. Tá deichniúr ar an gCoiste agus ard obair ar siúl acu ar mhaithe le dul chun chinn an pharóiste.

Eagraítear imeachtaí taithneamheach don aos óg agus aosta ar Lá 'le Gobnait gach bliain, ina measc, Turas na Cille agus lón le coirmcheoil ag leanaí na scoile in Ionad an Bhlascaoid. Tá an Scéim Fostaíochta Tuaithe fé scáth Údarás na Gaeltachta ag feidhmiú sa pharóiste. Tríd an Scéim seo, deintear feabhasúcháin agus obair chothabhála tímpeall na háite.

Gach bliain, i Mí Lúnasa, eagraítear Ráiseanna Capall ar scáileán i dTigh Kruger. Baineann gach duine ana-shult as agus bailítear suim mhaith airgid ar son imeachtaí an pharóiste.

Eagraíonn an Comharchumann Cóisir na Nollag gach bliain. Ócáid fíor-thaitneamhach í seo. Is i dTigh Kruger a bheidh an gabhar á róstadh i mbliana ar an 12ú Nollag.

Tá fo-choiste an tríú aos ag feidhmiú fé scáth an Chomharchumainn agus cuirtear lóin agus turais go himeachtaí éagsúla sa cheantar ar fáil don ngrúpa seo go rialta.

Tá forbairt nach beag déanta ar an seirbhís leathan bhanda sa pharóiste tré nasc le Kerry Broadband agus tá breis agus caoga custaméir cláraithe i nDún Chaoin agus seisear eile ceangailte leis an scéim atá againn i gCom Uí Neoil.

Tá éileamh i gcónaí ar an mapa do Shiúlóid na Cille eisithe ag an gComharchumann anuraidh agus, leis an suíomh idirlíon (www.dunchaoin.com), tugann sé eolas don gcuariteoir ar a bhfuil ar fáil sa pharóiste.



Pádraig agus Michelle Ó Sé agus a gclann ar an stáitse sa Bhriotáin 2008. Bhain Tómas an dara áit amach i gComórtas Rince an Domhain i 2009.



An Droichead Nua i mBéal Átha - cé'n ainm a bhaistfeá air?

Bliain ar leith ba ea 2009 in Ionad an Bhlascaoid

In ainneoin na ndeacrachtaí airgeadais agus eacnamaíochta a bhí ag dó na geirbe ag muintir na tíre seo agus ag muintir an domhain mhóir i mbliana, fós féin, bhí bliain thar a bheith gnóthach ag Ionad an Bhlascaoid agus a fhoireann. Is olc an ghaoth ná séideann do dhuine éigin, agus chabhraigh an droch-shamhradh a bhí againn, le báisteach gach lá, nach mór, leis an líon daoine a thug cuairt ar an Ionad, mar thángadar isteach ina sluaite ag lorg fothana agus dídine ón síon. Idir aimsir na Cásca, nuair a d'oscail an Ionad don mbiaiste, go dtí deireadh mí Dheireadh Fómhair, ghabh isteach is amach le 40,000 duine thar tairseach an Ionaid. B'shin tímpeall an líon céanna a bhí againn anuraidh, agus bhíomar breá sásta leis an dtinreamh sin, toisc go rabhthas á rá go raibh titim idir 10-30% ar líon na gcuariteoirí i láithreacha eile ar fud na tíre. Cé go raibh ciorraithe curtha i bhfeidhm ar bhuiséad an Ionaid, dála mórán áiteanna eile, d'éirigh linn cuid mhaith imeachtaí spéisúla a chur ar siúl ó cheann ceann na bliana. Ceapadh beirt de bhunaidh an pharóiste – Dómhnal Ó Bric agus Bríd Ní Luasa – ina nEalaíontóirí Cónaitheacha san Ionad, an chéad uair a cuireadh a leithéid de thogra ar siúl. Faoi scáth Ealaín na Gaeltachta a deineadh sin. Osclaíodh a dtaispeántais ar Lá Bealtaine, taispeántais a bhí ar chrochadh ar feadh an tSamhraidh. Mar pháirt den scéim ealaíne a bhí aontaithe idir an Ionad agus Ealaín na Gaeltachta, tionóladh ard oíche chuideachtan agus cheoil ar an 6 Meitheamh, nuair a sheinn Muireann Nic Amhlaioibh, Julie Fowlis, Ross Martin agus Éamonn

ar lean ar leathanach chúl.



"Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsan", a deirtear, go háirithe nuair do chuir Christy Mac Gearailt lón ar fáil do mhná an pharóiste le linn an tsamhraidh i mBialann an tAscaire san Ionad. Ó chlé, tá Cáit Uí Scanláin, Frances Uí Chinnéide, Eibhlín Uí Shé, Áine Uí Dhonnchú, Bríde Buckland, Bríde Uí Mhaoileoin, Angela de Mórdha, Molláí Ní Chonchúir agus Beití Uí Gadhra. Iniata: Molly Ní Chonchúir agus Úna Nic Chárthaigh, iníon Mheait agus Nóra Marie, an duine ba shine agus an duine ba óige sa pharóiste ag am tógtha an phictiúir. Ar ndóigh, saolaíodh mac Shinéid agus Phádraig Uí Chearna ó shin – Seán (Seán Pheats Team eile?).

AN DAGGRY



An bárc Beta a bhí don déanamh céanna agus an toirt céanna leis an Daggrý. (www.norwayheritage.com)

Dob'í mí Eanáir 1894 an mí ba mheasa ar an Aigéan Atlantach le daichead bliain, dar leis na daoine. Do bhuail stoirmeacha an Daggrý amuigh sa bhfarraige agus í ag déanamh a slí ón Airgintín go dtí Falmouth i Sasana, an stoirm dheireanach ar an 12ú don mhí. Bád lastais cláraithe i Stavenger san Iorua ab ea í fé stiúir an Chaptaein Overneland, ach anois bhí sí i dtrioblóid. Bhí 400 mála cruithneachta caite sa bhfarraige ar ordú ón gcaptaen chun an bád a éadromú mar do bhí an bád ag scaoileadh uisce isteach, ní fhéadfaí seol a ardú de bharr na gaoithe agus ní raibh aon rud ite ná ólta ag an gcríú le fiche ceathar uair a chloig. Bhíodar t'impeall 180 km ó Chiarraí agus bhraiteadar go raibh an deireadh ag teacht nuair, gan choinne, do tháinig long mór sa treo, an Cephalonia leis an gcuideachta loingseoireachta Cunard, agus a thug fé ndeara an solas dearg a bhí lasta ag an Daggrý. Bheartaigh an captaen, Captaen Seccomb, ar bhád beag a chur ar an bhfarraige chun an solas a fhiosrú agus do stiúraigh sé an Cephalonia comh gairid di agus ab fhéidir. Fuaireadh amach go raibh a críú bailithe le chéile in áit amháin ar bord agus go rabhadar i mbaol a mbáite. Chuireadh

plean le chéile gan moill agus d'éirigh leo, le hard-scil, gach duine don sheisear déag criú a shábháil agus a thabhairt slán go Learphól i Sasana, áit a shroiseadar an an 22ú Eanáir.

Ach níor chríochnaigh an scéal ansin. Cé go raibh an bád an-iseal san uisce agus go raibh sí ag líonadh le huisce, níor chuaigh sí go tonn poill ach d'fhan sí ar bharr na farraige agus do shéid an ghaoth isteach i dtreo chósta na hÉireann í agus chonacthas í ó Cheann Trá agus ón mBlascaod Mór. Oíche an 19ú Eanáir, bhuail an Daggrý fochais insan Ród ("Bollán an Daggrý" a tugtar air inniu) agus nuair a d'éirigh muintir an Oileáin ar maidin, ní raibh le feiscint sa bhfarraige ach adhmaid raice agus gráinne buidhe. B'ait leis na daoine nach raibh aon rian don gcríú ann, beo nó marbh, ach mheasadar go rabhadar tar éis an bháid a thréigean amuigh ar an bhfarraige agus do bhí cúpla lá ann sara tháinig an scéal chuthu go raibh an críú slán sábháilte thall i Sasana. Thapaigh muintir na háite an deis agus do bhailíodar an méid don ghráin a bhí ar bharr an uisce agus ab fhéidir leo. Ag an am céanna, do thógadar isteach an t-adhmaid breá a bhí ar fáil agus úsáideadh go maith é – tá ar a laghad tigh amháin i nDún Chaoin go bhfuil adhmaid ón Daggrý ann. Fuaireadh, chomh maith, litreacha pearsanta agus fiú buidéil leighis ar na trághanna timpeall agus tugadh don Gharda Chósta iad.

D'fhan an bád seo i gcuimhne na ndaoine mar go ndéiridís, "Tá sé ann ó bhliain an Daggrý", sé sin, tá sé ann tamall maith. Tá fhios againn anois gurb shin ó 1894 agus sin tamall maith ceart go leor, céad agus cúig bliana déag.

Tháinig an t-eolas thuas ón *Boston Journal*, 23 Eanáir, 1894; an *Kerry Evening Post*, 24 Eanáir, 1894; Bailiúchán na Scol, *CBÉ* S419.140. Seán Tom Ó Cearna.



An SS Cephalonia a tháinig ar an Daggrý agus í i dtrioblóid. (www.norwayheritage.com)

Ionad an Bhlascaoid: ar lean ó Ich. 1.

Doorley ceolchoirm den scoth os comhair 200 duine i mbialann an Ionaid.

Tionóladh sraith cheolchoirmeacha i rith lúil agus Lúnasa san Ionad, i gcomhair le Féile na Bealtaine, agus d'éirigh go hiontach leo. Bhí an tigh lán go gunail formhór gach



An Dr Maidhc Ó Cearna leis an Ollamh Jim Walsh, Leas-Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Má Nuad,

aon oíche, le leithéidí Shéamais Uí Bheaglaoich, Benny O'Carroll, Tim Edey agus Jon Sanders ag seinm, agus bhí amharclann an Ionaid lán go dtí an maide snaidhme, nuair a bhí teaghlach ildánach Uí Shé an pharóiste seo againne ar stáitse ag rince, ag amhrán agus ag seinm cheoil.

Bhí ócáid an-speisialta ar fad againn ar 21ú Meán Fómhair, nuair a bhronn Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, céim dochtúireachta oinigh ar Mhaidhc Sheáin Team Ó Cearna, Bhlascaodach, an té is sinne de mhuintir an oileáin atá fós ina mbeathaigh. Ghlac an Dr Ó Cearna leis an ngradam seo, thar ceann na mBlascaodach ar fad, beo agus marbh.

Tionóladh Ceiliúradh an Bhlascaoid idir an 8-11 Deireadh Fómhair agus saol agus saothar John Millington Synge faoi chaibidil ag scoth na scoláirí. Cuireadh ócáid de chuid an Cheiliúrtha ar siúl sa Daingean don gcéad uair nuair a léiríodh an dráma *Chun na Farraige Síos* le Synge i Lab na Mainistreach ar an nDéardaoin. Bhí sé seo ar cheann de bhuaic phointí an Cheiliúrtha, le haisteoireacht bhreá ó mhuintir an pharóiste agus Áine Moynihan seo againn féin mar léiritheoir.

Thar aon ócáid eile, ba mhór an phribhléid don Ionad a chuid áiseanna a chur ar fáil go fonnmhar do Phobal Champhill chun seachtain a chaitheamh i mbun ceardlanna ceoil do dhaoine fásta le riachtanais speisialta, agus iad i mbun ullmhaithe do cheolchoirm a bhí acu in Óstán an Hillgrove ar 6 Samhain.

Mar fhocal scoir, bhí Oifig na nOibreacha Póiblí thar a bheith sásta go rabhadar in ann formhór na talún ar an mBlascaod Mór a cheannach níos luaithe i mbliana. Tá sé i gceist roinnt oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar na fothraigh, agus géarghá leo, agus, le cúnamh Dé, beidh Páirc Náisiúnta Stairiúil againn sa pharóiste faoi cheann cúpla bliain eile.

"Táim an-shásta anois go bhfuil an tIonad seo ag fónamh ar riachtanais shóisialta agus chultúrtha mhuintir Dhún Chaoin agus na dúiche máguaird. I dteannta a chéile is fearr sinn," a deir Mícheál de Mórdha, Stiúrthóir an Ionaid.



Ceardlann cheoil ag Pobal Camphill in Ionad an Bhlascaoid Mhóir.